

# Nuachtlitir

## Scoil Naomh Ciarán



Oifig: 095 33 613 Fón: 086 302 4158

Meán Fómhair 2021

A Chairde,

Míle fáilte ar ais chuig muintir na scoile ar fad tar éis saoire an tSamhraidh. Tá 8 lá iontach curtha isteach againn anois agus tá muid socraithe isteach go breá! Cuirimís fáilte speisialta roimh ár Naíonáin Bheaga nua, Alma Brennan Gómez, Rónán Thornton, Callum Ó Súilleabháin Ó Loideáin agus Sam Ó Madaoin! 😊

Tá súil agam go raibh scíth álainn ag chuile dhuine i rith an tsamhraidh! Táim ag súil go mbeidh bliain iontach againn ar fad agus go mbainfidh gach duine taitneamh as an obair agus an spraoi atá amach romhainn. Guím gach rath ar na gasúir, na múinteoirí, na cúntoirí riachtanais speisialta, ár Rúnaí Caitríona agus muintir na scoile ar fad agus muid ag tosú ar scoil bhliain úr-nua. Tá cupla pointe eolais thíos le meabhrú agus muid ag tosú ar ais ar scoil.

### **Covid-19**

Chuaigh Polasaí Covid-19 na scoile amach ag gach teaghlach ag tús na scoilbliana. Arís go raibh maith agaibh as cloí le na treorlínte atá leagtha amach ann, ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht ár bpobal scoile. *Our School's Covid-19 Policy went out to each family at the beginning of the school year. Again, we would like to thank each family for adhering to the guidelines, for the benefit of the health and safety of our school community.*

### **I gcás tinnis / In case of illness or absence**

Tá dhá fhoirm le líonadh maidir le asláithreachtaí anois, de bharr Covid-19 iarraimís ar thuistí iad seo a líonadh. *Two forms must be filled after absences due to Covid-19. We ask parents to fill the following:*

- Foirm oifigiúil asláithreachtaí na scoile, atá ar fáil ar an suíomh idirlíon.** Iarrtar ar thuistí an scoil a chur in iúl i scríbhinn maidir le aon tréimhse asláithreachtaí ón scoil. Is féidir é a fháil ar suíomh idirlíon na scoile agus é a chur ar aghaidh againn trí ríomhphost na scoile. *Parents are asked to inform the school in writing of absences including a day or more. Scoil Naomh Ciarán has a standard absence form which can be found on the school website. Parents are asked to fill in this form and send to the school email after every period of absence.*
- Filleadh ar áis Oideachasúil (Textaparent)** Tá sé seo le líonadh ar líne. Tá sé le líonadh ag foireann na scoile freisin tar éis asláithreachtaí. *Return to Educational Facility Declaration, Textaparent.* This is an online form and the link will be sent to parents through text. Staff members must also fill this form after any period of absence.

**Mar eolas, tá sé de dhíth ar scoileanna asláithreachtaí de 20 lá nó níos mó a chur in iúl do TUSLA.** *Please note, all schools are required under law to inform TUSLA of absences of 20 days or more in any one school year.*

## **Éide Scoile**

Go raibh míle maith agaibh ar fad as an sár-iarracht atá á dhéanamh an éide scoile oifigiúil a chaitheamh gach lá. Meabhraím nach bhfuil cead leigíní nó treabhsair dhubha. Tá muid fós ag cur clár ama spóirt le chéile, cuirfidh muid ar aghaidh agaibh é chomh luath is atá sé socraithe. Is féidir na h-éide spóirt a chaitheamh ar na laethanta atá spóirt againn. *Thank you all for your cooperation in ensuring that the official uniform is worn by our pupils each day. We remind the school community that leggings / black trousers are not allowed. We are making out our sports timetables at the moment and we will share with you as soon as it is finished. Children can wear their sports gear on PE days.*

## **Teagmháil / Contact**

Má tá aon athrú tagtha ó anuraidh ar na h-uimhreacha fóin/seolta baile/socraithe don uair a mbeadh do ghasúir tinn ar scoil srl, ar mhiste libh an fhoirm atá istigh leis an nuachtlitir seo a chur ar aghaidh chugam chomh luath agus is féidir. *Please fill the form at the end of this newsletter and send back to the school as soon as possible if your own, or the named emergency contact persons' details / phone numbers / home addresses have changed.*

## **Árachas Phearsanta do Ghasúir / Personal Accident Insurance for Children (24 hour)**

Leis an litir seo tá foirm d'arachas phearsanta do ghasúir scoile. Is rogha duit/dhaoibh féin é seo. Is smaoineamh mhaith é, agus is fiú léamh thríd na buntáistí atá ag baint leis. Ar mhiste libh na foirmeacha agus an t-airgead (€9.00) a íoc tríd textaparent roimh An Aoine, 17ú Meán Fómhair le bhur dtoil, más maith libh árachas a fháil. *With this newsletter, you will find an insurance form. It is your choice whether you would like to insure your child, however it is worth reading the advantages before making an informed decision. If you would like to avail of this service, could you please let us know and pay the due amount specified through textaparent (€9.00) by Friday, September 17<sup>th</sup>.*

## **Íocaíochtaí chuig na scoile / Payments to the school**

Beidh téacsanna ag dul amach an tseachtain seo maidir le híocaíochtaí atá le déanamh do na ranganna éagsúla. Tá na nascanna a cuireadh amach anuraidh briste agus caithfear ceann nua a chur agaibh. Beidh na costaisí a leanas i gceist. *Texts will issue this week regarding costs to be paid in various classes. The links sent out last year have expired and therefore a new text must be generated. The following costs will be included:*

<b>Rang</b>	<b>Teideal</b>	<b>Íocaíocht</b>
Gach Rang - Every class	Árachas Pearsanta 24 uair / 24 hour Personal Accident Insurance	€9.00
Gach Rang - Every class	Cóipleabhair, fillteáin, cás peann luaidhe, ábhar dathúcháin (Copies/folders & Stationery)	€10.00* <i>*íoctha ag go leor cheana féin / some parents have paid this already</i>
Naí Bheaga, Naí Mhóra, Rang a 2	Scrapleabhar Aistear	€4.00
Naíonáin Mhóra, Rang a 2, Rang a 3, Rang a 4, Rang a 5	Dialann Scoile	€2.50
Rang a 2, Rang a 3, Rang a 4, Rang a 5	Spellings for Me Workbook	€8.50
Rang a 3	Gafa le Mata 3	€10
Rang a 4	Gafa le Mata 4	€10
Rang a 5	Gafa le Mata 5	€10

## **An Lón Scoile**

Beidh an lón scoile ag tosú sa scoil arís go luath. Beidh an biachlár le feiceál ar shuíomh idirlíon na scoile go luath, ina mbeidh sneaiceanna sláintiúla, torthaí, rollaí agus uisce ar fáil. Meabhrú dhaoibh nach bhfuil gá lón mór a bheith ag na páistí ar An gCéadaoin, an lá ina bhfuil ceapairí againn. *The school lunches scheme will begin again soon. The school menu will be available on the website shortly, which will consist of healthy snacks, fruit, rolls and water. Children do not need a big lunch on Wednesdays, when we have rolls at school.*

## **Lón Sláintiúil / Healthy Lunches**

Tá Polasaí lón folláin againn sa scoil atá ar fáil ar shuíomh idirlíon na scoile, faoi chlib "Polasaithe". Go raibh maith agaibh as cloí leis an bpolasaí seo agus lón shláintiúil a chur ar fáil do bhur bpáistí. *We have a healthy eating policy in our school which can be found on the school website, under the tab "Polasaithe". We thank you all for providing healthy lunches for your children each day.*

## **Scoil Saor ó Chnónna / Nut free School**

Meabhrúchán gur scoil saor ó chnónna í Scoil Naomh Ciarán de bharr ailléirge de chnónna. Níl cead cnónna de shaghas ar bith in aon rang. *A gentle reminder that Scoil Naomh Ciarán is a Nut Free School due to nut allergies. Nuts of any type are prohibited in every classroom. (Peanut Butter, Nuttella, any other types of nut butters, packets of nuts etc.)*

## **County Photos Grianghraifeanna Scoile - School Photography**

Tá áthas orainn go mbeidh County Photos linn i mbliana. Beidh siad anseo ar An Aoine, 15ú Deireadh Fómhair ag brath ar srianta Covid-19. Ní mór éide scoile oifigiúil atá glan agus néata ar gach duine ar an lá. *We are delighted that County Photos can be with us this year. They will take school photographs on Friday, 15<sup>th</sup> of October subject to Covid-19 guidelines. Please ensure that clean, tidy official uniform is worn by each child on the day.*

## **Gaeilge ar scoil**

Is Scoil sa Ghaeltacht í Scoil Naomh Ciarán, agus tá muid ag cur béim ar chomhrá i nGaeilge idir na gasúir, na múinteoirí agus na tuismitheoirí. Is breá linn an Ghaeilge a chloisteáil sna pasáistí ar maidin agus tráthnóna, agus taobh amuigh ag am lóin.

Beidh na gasúir ag fáil Cartaí Glasa nuair a chloiseann foireann na scoile iad ag comhrá as Gaeilge lena chéile, agus ag déanamh iarracht An Ghaeilge a labhairt agus a fhoghlaim. Beidh duaiseanna dheasa againn, chomh maith le Gaeilgeoir na Seachtaine gach Aoine! Ná déan dearmad, is leatsa í an Ghaeilge! Coinnigh beo í! 😊

## **Ranganna Feadóga & Cairdín**

Ag brath ar srianta Covid-19, beidh Ealaín na Gaeltachta ag cur múinteoir ceoil amach chuig na scoile chun ceachtanna feadóga / cairdín a dhéanamh le gasúir ó Rang a 1 go 6. Le bhur dtoil, seol téacs chugam más mian leat go nglacfaidh do pháiste páirt. Is iontach an deis iad na ranganna seo uirlis ceoil a sheinnt agus scil nua a fhoghlaim. Beidh níos mó eolais go luath maidir le costas na gceachtanna. *Depending on Covid-19 guidelines, Ealaín na Gaeltachta will send a teacher to SNC to teach tin-whistle/accordion lessons. Please let me know through text message if you would like your child to partake in either tin-whistle or accordion lessons. This is a brilliant opportunity to learn a new instrument and skill. More information to follow regarding cost of these lessons.*

## **Bratach Glas: Scoil Ghlas í SNC!**

Tá SNC ag glacadh páirt sa mBratach Glas arís. Tá muid ag obair ar an dara bratach glas a shaothrú. Beidh Coiste Glas le vótáil isteach againn, agus beidh Plean Gníomhaithe na scoile le réiteach ag an gCoiste.

## **Ag bailiú airgid ar son na scoile**

Tá béim mhór ar bhailiú airgid don scoil i mbliana. Ba mhaith linn Clár Cliste nua a cheannacht, chomh maith le iPads. Ar ndóigh, tá na h-earraí seo an-daor ar fad. Tá deontaisí le fáil on Roinn Oideachais ach ní chlúddóidh siad an costas iomlán. Dá bhrí sin ba bhreá linn dá mbeadh pobal na scoile in-ann cabhrú linn theacht suas le smaointe i dtaobh airgead a bhailiú don scoil. B'fhéidir go mbeadh muid in-ann smaointe a phlé ag an gcéad chruinniú Coiste na Tuismitheoirí i mbliana. Rinne muid go leor bailiúcháin anuraidh agus tá mé fíor bhuíoch as an tacaíocht ar fad.

## **Míolta Gruaige**

Agus muid ar ais ar scoil, iarrtar ar chuile chlann aire a thabhairt do ghruaig a bpáistí ó thaobh míolta gruaige dhe. Fiú amháin mura bhfuil fadhb le míolta gruaige, is nós mhaith é gruaig do pháiste a sheiceáil gach lá/gach dara lá. Má tá míolta gruaige ag do pháiste, cur in iúl don Mhúinteoir Ranga é le do thoil. *On our return to school, parents are asked to check their child's hair for head lice. Even if your child hasn't got any lice, it is good practice to check your child's hair every night or every second night. If your child does have head lice, please inform the class teacher.*

## **Idirlíon sa mbaile**

Tá sé fíor thábhachtach aire a thabhairt agus páistí ar an idirlíon sa bhaile. Moltar go mbeadh an ríomhaire glúine/taibléad in áit oscailte, áit a bheidh tuismitheoirí in-ann maoirsiú a dhéanamh ar an t-ábhar atá na gasúir ag féachaint ar. Mar shampla, an cistin nó an seomra suite, agus ní sa seomra codlata nó in aon sheomra nach bhfuil tuistí in-ann an scáileán/tablet/fón a fheiceál. *We strongly advise caution when your child is on the Internet at home, and that your child uses a laptop or tablet in an open place such as the kitchen or sitting room, and not the bedroom or an area where parents cannot see the screen/tablet/phone.*

## **Buíochas**

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Coiste na dTuismitheoirí, ach go háirithe Pádraic & Maryanne, Liam & Clíona Uí Mhadaoin, (agus a gcol ceathrar Matthew a thug cúnaimh freisin!) Réamann Mac Donnacha, Tommy Ó Máille, Austin Breathnach, Dara & Jeaic Ó Cualáin a rinne obair na gcapall timpeall na scoile sa samhradh. Tá cosán bhreá déanta i ngarraí an tséipéil. Leagadh an balla sa gclós ó thuaidh agus cuireadh síos créafóg & féar úr.

Is álainn a bhreathnaíonn an áit anois agus tá go leor féidearthachtaí ann maidir le spásanna spraoi/leaba glasraí & plandaí. Buíochas freisin le Cassie Ní Chathasaigh, Cian & Ayla, Clíona, Róisín Breathnach, Róisín Nic Dhonnacha agus Leah a chur plandaí álainne sna potaí ag fuinneoga na scoile. Tá muid thar a bheith bhuíoch as an gcabhair ar fad a fhaigheann muid ó phobal na scoile, obair a dhéanann siad go deonach ina gcuid ama féin.

## **Cruinniú Chinn Bhliana Coiste na dTuismitheoirí - Parents Council AGM**

Beidh Cruinniú Chinn Bhliana an Choiste ar siúl ar An gCéadaoin, 8ú Meán Fómhair ag 9.30 r.n. taobh amuigh de Tigh Chadhain. Tá fíorchaoin fáilte roimh chuile thuismitheoir. Tugtar cuireadh do chuile thuismitheoir freisin bheith mar bhall den Choiste chun imeachtaí éagsúla a eagrú ar son páistí uile na scoile. *Parents Council AGM will take place Wednesday, 8<sup>th</sup> September at 9.30 a.m outside Tigh Chadhain. Every parent is welcome to attend. The Parent's Council invite parents to join the committee, to organise and help at various events on behalf of all the children of Scoil Naomh Ciarán.*

Guím scoilbhliain rathúil, spraoiúil, spóirtiúil agus sláintiúil ar phobal na scoile ar fad!

Le gach deá-ghuí, Éabha Ní Chualáin, Príomhoide.

## Sonraí Teagmhála Tuismitheoirí / Caomhnóirí

*Líon é seo le do thoil má tháinig aon athrú ar do chuid sonraí i mbliana, agus cur isteach ar scoil é chomh luath agus is féidir. Míle Buíochas.*

<b>Ainm an Pháiste/í:</b>		
<b>Seoladh Baile:</b>		
<b>Fón Baile:</b>	<b>Fón Póca Mhamaí:</b>	<b>Fón Póca Dhaidí:</b>
<b>Uimhreacha theagmhála Oibre:</b>		
<b>Duine le teagmháil sa gcás nach bhfuil Mamaí nó Daidí ar fáil</b>	Ainm: _____ Uimhir Fón Póca: _____ Uimhir Baile: _____	



## Parents' / Guardians' Contact Details

*Please fill this in if your contact details have changed in the past year, and send back to school as soon as possible. Thank you.*

<b>Child(ren)'s name(s)</b>		
<b>Home Address:</b>		
<b>Home Phone:</b>	<b>Mamaí Mobile:</b>	<b>Daidí Mobile:</b>
<b>Work Phone Numbers:</b>		
<b>Person to contact in the event that the child's mother/father is unavailable:</b>	Ainm: _____ Mobile: _____ Home: _____	

**Nóta Asláithreachais an Dalta**  
**Student Absence Note**

**Ainm an dalta:** \_\_\_\_\_

**Rang:** \_\_\_\_\_

**Dáta(i) as-láthair ó:** \_\_\_\_\_ go \_\_\_\_\_ **san áireamh/inclusive.**  
(Dates absent from / to)

**Cé mhéid lá scoile cailte san iomlán?**   
(How many school days absent in total?)

**Míniú ar an asláithreachais:** (Explanation for absence)

---

---

---

---

---

**Cuir ✓ i mbosca amháin díobh seo a leanas, mar chúis ar an asláithreachas:**  
(Please ✓ one box to categorise the absence)

	<b>Cúis Asláithreachta</b> (Reason for absence)	<input checked="" type="checkbox"/>
<b>A</b>	<b>Tinneas</b> (illness)	<input type="checkbox"/>
<b>B</b>	<b>Cúiseanna Práinneacha clainne m.sh sochraide</b> (urgent family reasons, i.e. funeral)	<input type="checkbox"/>
<b>C</b>	<b>Saoire Clainne</b> (Family Holiday)	<input type="checkbox"/>
<b>D</b>	<b>Fionraí</b> (Suspension)	<input type="checkbox"/>
<b>E</b>	<b>Eile</b> (Other)	<input type="checkbox"/>
<b>F</b>	<b>Gan míniú</b> (Unexplained)	<input type="checkbox"/>

**Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra:** \_\_\_\_\_  
(Parent/Guardians' signature)

**Dáta:** \_\_\_\_\_